# An Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003: Torthaí maidir leis an Úsáid Ildrugaí Bullaitín 5

(2007)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

### Taighde arna dhéanamh ag:

Choimisiúnaigh an CCND agus an tAonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól (AFTDA) laistigh den Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann *MORI MRC* leis an staidéar seo a dhéanamh.

### Aidhm:

Leitheadúlacht na húsáide drugaí in Éirinn a dhéanamh amach. Baineann an t-achoimre seo leis an úsáid ildrugaí (níos mó ná aon druga amháin a úsáid le mí anuas). Soláthraítear anailís ann de réir gach duine fásta (15-64), de réir inscne agus daoine fásta óga (15-34) i gcomparáid le daoine fásta atá níos sine (35-64) le haghaidh meascán éagsúil de dhrugaí a úsáidtear agus le haghaidh úsáid substainte amháin ag úsáideoirí substainte eile.

### Modh:

Rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch (8,434) daoine idir 15-64 bliana d'aois i dTuaisceart Éireann (3,516) agus in Éirinn (4,918) agus na treoirlínte ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí *(EMCDDA)* á leanúint. Tugadh ceistneoirí agus an agallóireacht duine-le-duine á n-úsáid i dtithe príobháideacha idir Deireadh Fómhair 2002 agus Aibreán 2003. Slánaítear na figiúirí i gcoitinne agus go dtí an t-ionad deachúlach is cóngaraí sa chás go ndéantar comparáidí.

### Príomhthorthaí:

- Níor úsáid beagnach duine as gach cúigear duine fásta (19%) in Éirinn aon drugaí ar bith, lena n-áirítear tobac agus alcól, le mí anuas
- Thuairiscigh níos mó mná (22%) ná fir (16%) nár úsáid siad aon druga, dleathach nó mídhleathach, le mí anuas
- Bhí tobac agus sin amháin úsáidte ag 5% d'fhreagróirí le mí anuas
- Ba bheag an líon daoine, 2%, a d'úsáid ildrugaí agus substaintí mídhleathacha i gceist
- Bhí líon na bhfear a d'úsáid alcól, tobac agus aon druga mídhleathach le chéile (2.65%) breis is dhá oiread níos airde ná líon na mban (1.20%)
- Ba mhó seans go mbeadh alcól ólta, agus cannabas, spreagthaí de chineál na n-amfataimíní agus cóicín úsáidte ag úsáideoirí fireannacha tobac
- Ba mhó seans go mbeadh támhacháin, suaimhneacháin nó frithdhúlagráin úsáidte ag úsáideoirí baineannacha tobac
- Ba mhó seans go mbeadh spreagthaí de chineál na n-amfataimíní (11%), agus cóicín (12.5%) úsáidte ag úsáideoirí fireannacha cannabais ná mná (5.6% agus 0.0% faoi seach)
- Ba mhó seans go mbeadh triail bainte ag úsáideoirí baineannacha cannabais as támhacháin, suaimhneacháin nó frithdhúlagráin (9.7%) ná úsáideoirí fireannacha cannabais (6.1%)
- Mheasc níos mó daoine fásta óga (idir aois 15-34) úsáid an alcóil, tobac agus aon druga mídhleathach (3.36%) le chéile ná mar a rinne daoine fásta a bhí níos sine (idir 35-64) ag 0.64%
- Bhí alcól úsáidte freisin ag 82% de na freagróirí sin a bhain úsáid as tobac le mí anuas
- As a measc siúd a d'úsáid cannabas le mí anuas (2.6%), d'úsáid breis is 90% díobh alcól le mí anuas freisin agus chaith 84% tobac
- Gach duine a thuairiscigh gur úsáid siad amfataimíní agus eacstais le mí anuas d'úsáid siad alcól le mí anuas freisin
- Thuairiscigh 92% díobh siúd a d'úsáid cóicín le mí anuas (0.3%) gur úsáid siad alcól freisin
- Nuair a chuirtear na figiúirí i gcomparáid le figiúirí Thuaisceart Éireann, ba lú líon na ndaoine in Éirinn (19%) nár thóg aon druga (dleathach nó mídhleathach) ar bith le mí anuas ná mar a bhí amhlaidh i dTuaisceart Éireann (22%).

### Conclúidí:

Baineann roinnt iarmhairtí diúltacha leis an úsáid ildrugaí lena n-áirítear easláine mheabhrach agus fhisiciúil, foréigean, ionsaitheacht agus raon fadhbanna sóisialta. Is mó seans go dtarlóidh timpistí agus bás (lena n-áirítear bás de thoradh ródháileoige) de thoradh na húsáide ildrugaí ná mar is amhlaidh nuair a chaitear substaint amháin.

CCND, 3ú hUrlár, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 667 0760. Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie